2025/1923

22.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1923 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an mBrasaíl ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) An 16 Bealtaine 2025, thug an Bhrasaíl fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) i mbunaíocht éanlaithe clóis atá ann i stát Rio Grande do Sul, ráig a deimhníodh an 15 Bealtaine 2025 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh teacht isteach san Aontas, agus gluaiseacht agus láimhseáil coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(6) Áirítear stát Rio Grande do Sul i ngach ceann de na criosanna a liostaítear faoi láthair sna hiontrálacha a bhaineann leis an mBrasaíl i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V agus i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, óna n-údaraítear na coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(7) I bhfianaise staid sláinte na n-ainmhithe sa Bhrasaíl tar éis na ráige HPAI sin, is gá teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí san Aontas ar feadh tréimhse áirithe ama ó na criosanna sa Bhrasaíl a liostaítear faoi láthair sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V agus i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an mBrasaíl ar na liostaí sna táblaí sin a leasú i bhfianaise na ráige sin, agus an dáta a deimhníodh an ráig den fhliú éanúil ardphataigineach á chur san áireamh.

(8) An 10 Meitheamh 2025 agus an 28 Iúil 2025, chuir an Bhrasaíl faisnéis bhreise faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráige sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí i stát Rio Grande do Sul. Áiríodh san fhaisnéis nuashonraithe sonraí a mhéid a bhaineann leis an bhfaireachas a rinneadh chun a léiriú nach ann do ráigeanna breise, agus na himthosca eipidéimeolaíocha sonracha i ndáil leis an ráig a tharla i stát Rio Grande do Sul á gcur san áireamh.

(9) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Bhrasaíl isteach agus measann sé gur amhlaidh staid sláinte na n-ainmhithe go bhfuil údar le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas a athúdarú de réir a chéile, agus na himthosca geografacha sa Bhrasaíl, tréimhse ghoir víreas HPAI agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tarchur HPAI á gcur san áireamh. Ba é conclúid na hanailíse sin, ar an gcéad dul síos, gur cheart teacht isteach na dtráchtearraí sin san Aontas ó na criosanna sa Bhrasaíl a liostaítear faoi láthair sna táblaí i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V agus i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, seachas stát Rio Grande do Sul, a athúdarú ón 18 Meán Fómhair 2025. Ar an dara dul síos, agus tréimhse ghoir víreas HPAI á cur san áireamh, ba cheart teacht isteach san Aontas de na tráchtearraí sin ó stát Rio Grande do Sul, gan an limistéar i bhfoisceacht 10 km timpeall bhunaíocht na ráige a áireamh, a athúdarú freisin ón 2 Deireadh Fómhair 2025. Ar deireadh, ba cheart teacht isteach na dtráchtearraí sin san Aontas ón limistéar atá i bhfoisceacht 10 km timpeall na bunaíochta ráige a athúdarú ón 16 Deireadh Fómhair 2025.

(10) Dá réir sin, na hiontrálacha a bhaineann leis an mBrasaíl i liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch a leagtar amach sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ba cheart iad a leasú dá réir sin chun an staid eipidéimeolaíoch sa tríú tír sin a chur san áireamh.

(11) Trí staid sláinte na n-ainmhithe sa Bhrasaíl a chur san áireamh maidir le HPAI, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn V, i gCuid 1, i Roinn B, sa tábla, san iontráil le haghaidh na Brasaíle, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na gcriosanna BR-1 agus BR-2:

'**BR** an Bhrasaíl	BR-1	BPR, DOR, SR, HER	N, P1		15.5.2025	18.9.2025 (*)
	BR-2	BPP, SP, DOC, POU-LT20, HEP, HE-LT20	N, P1		15.5.2025	18.9.2025 (*)

(*) cé is moite de stát Rio Grande do Sul (dáta oscailte: 2.10.2025), agus an limistéar atá i bhfoisceacht 10 km thart ar chomhordanáidí GPS Lat -29,8315/Long -51,43725 (dáta oscailte: 16.10.2025)';

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, i Roinn B, sa tábla, san iontráil le haghaidh na Brasaíle, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na gcriosanna BR-1 agus BR-2:

'**BR** an Bhrasaíl	BR-1	POU	N, P1		15.5.2025	18.9.2025 (*)
		GBM	P1		15.5.2025	18.9.2025 (*)
	BR-2	RAT	N, P1		15.5.2025	18.9.2025 (*)

(*) cé is moite de stát Rio Grande do Sul (dáta oscailte: 2.10.2025), agus an limistéar atá i bhfoisceacht 10 km thart ar chomhordanáidí GPS Lat -29,8315/Long -51,43725 (dáta oscailte: 16.10.2025)'.